

Anthony Daly

le hAntaine Raiftearaí

Foghlaim
TG4

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta





Anthony Daly

le hAntaine Raiftearaí

Tráthnóna Aoine an Chéasta
bhí na Gaeil faoi mhéirse ag na Gaill,
cothrom an lae chéanna
a raibh Aon-Mhac Mhuire in sa gcrann.
Tá súil le long Dé agam
is é mo léan is gan maith ar bith dó ann,
ach is é Cullen is a chéile
a chroch Daly is bhéarfaidh díol ann.

Ach, a bhean óg, le mo ré
cuirim éag ar an mbaile a mbéir ann:
aicíd is éag air
is go n-éirí an tuile os a cheann.
Ní peaca ar bith an méid sin,
a Dhia ghléigil, is é a ghuibhim le fonn
ar an bhfear a chroch Daly
is d'fhág a ghaolta ag gol is a chlann.

Is maith díoltas Dé
an té a d'fhéadfadh fanacht lena am.
Gach peaca dá léitear
go héag go bhfeara ar an dream
Is iad an dá Shéimín
le scéim a shocraigh an plean,
an méid nach bhfearfaidh orthu féin,
an scéal céanna go bhfearfaidh ar an gclann.





Anthony Daly

le hAntaine Raiftearaí

Ó síneadh do ghéaga,
tá an t-aer ina mhoirt os ár gcionn,
ní lasann na réalta
is na héisc ní phreabann ar toinn.
Ní thagann drúcht ar an bhféar
is na héanlaith ní labhrann go bunn,
le cumha i do dhiaidh, a Daly,
go héag ní thig toradh ar chrainn.


Siúd é an fíréan
nár umhlaigh is nár ísligh do Ghaill,
Anthony Daly, a Mhic Dé,
a bheas agat gan mhoill.
Ach d'éag sé ina Ghael mhaith
agus d'aon fhear níor chlaon sé a cheann
is gur teanna mionnaí éithigh
a chroch Daly agus neart chlanna Gall.



Tá na pápair seo in airde
agus is gearr nó go leagtar iad anuas,
tá súil le Rí na nGrásta agam
gur gearr nó go dtaga an uair.
Go bhfeice mé an lá
go mbeidh orthu rása agus ruaig
ar gach uile mhac máthar
dár ordaigh thú, a Daly, a chur suas.

Dá mbeinnse i mo chléireach
lách éadrom aigeanta ar pheann,
is deas a scríobhfainn do thréithre
i nglan-Ghaeilge ar leac os do cheann.
Míle is ocht gcéad
an sé déag is an ceathair' na cheann
ó thuirling Mac Dé
gur éag Daly i gCaisleán Suí Finn.

Anthony Daly



Gluais: Véarsa 1

- faoi mhéirse = faoi smacht/ faoi bhois an chait ag
- aon-Mhac Mhuire = Íosa Críost
- mo léan = mo bhrón
- is bhéarfaidh díol ann = tá súil agam go bhfulaingeoidh siad as an bhfeall atá déanta acu

Véarsa 2

- éag = bás
- aicíd = galar
- is é a ghuibhim le fonn = guím le fonn
- ag gol = ag caoineadh

Véarsa 3

- an dá Shéimín = an bheirt James, James Hardiman Burke agus James Daly, tiarnaí talún i nGaillimh a raibh ról lárnach acu i gcrochadh Anthony Daly
- go bhfearfadh = go bhfulaingeoidh

Véarsa 4

- moirt = gruama agus trom
- ar toinn = san uisce
- ní thig toradh = ní fhásfaidh torthaí
- Véarsa 5
- fíréan = fear dílis
- teann mionnaí éithigh = mionnaí láidre bréagacha

Véarsa 6

- Rí na nGrásta = Dia
- rása agus ruaig = go rachfar sa tóir ar/ go leanfar


Véarsa 7

- aigeanta = meidhreach
- ó thuirling Mac Dé = ó tháinig Íosa Críost ar ais

Anthony Daly

Nótaí Cabhracha :

Véarsa 1




- Aoine an Chéasta = an lá a cuireadh Íosa Críost chun báis – tá Raiftearaí ag cur béime láithreach anseo ar íobairt Anthony Daly leis an gcomparáid seo. Cosúil le hÍosa Críost a bhí ina íobartach do Chríostaithe, tá Anthony Daly ina íobartach sa dán seo do na Gaeil. Cuireadh an bheirt acu chun báis Aoine an Chéasta. (Níl sin go hiomlán fíor i gcás Daly ach ar mhaithe le cumhacht an dáin d'athraigh Raiftearaí an lá).
- na Gaeil faoi mhéirse ag na Gaill = uaim anseo chun béim a leagan ar an gcodarsnacht atá idir na Gaeil agus na Sasanaigh a bhí tar éis smacht a ghlacadh orthu. Tá an dá dhream chomh fada buí óna chéile go bhfuil siad ar dhá thaobh den abairt.
- cothrom an lae chéanna = thart ar an lá céanna – uaim arís anseo a chuireann le rithim agus le rím an dáin
- Aon-Mhac Mhuire in sa gcrann = Íosa Críost (an t-aon mhac amháin a bhí ag Muire)/Anthony Daly curtha chun báis. (Uaim in úsáid arís sa líne seo). Tá siomblachas sa tagairt seo. Tá an file ag cur Anthony Daly i gcomparáid le hÍosa Críost. Tá íobairt Daly á cur i gcomparáid le híobairt Chríost ar an gcrois.
- Tá súil le long Dé agam/is é mo léan is gan maith ar bith dó ann = Tá meafar in úsáid anseo ag Raiftearaí 'long Dé'. Tá súil agam go dtabharfaidh Dia abhaile ar Neamh é/ach faraor géar cén mhaitheas a dhéanfaidh sin dó anois agus é sa chré?
- 'Ba é Cullen agus a bhean chéile a chroch Daly/agus tá súil agam go n-íocfaidh siad as' Úsáideann Raiftearaí a lán fuaimeanna géara sa dá líne dheireanacha ag deireadh an véarsa seo. Labhraíonn sé sa chéad phearsa anseo agus léiríonn sé a mhian go mbeidh praghas le hÍoc ag fealltóirí Anthony Daly. Is mallacht de shaghas é seo a chuireann an file ar na daoine a sceith ar Daly. Tá an-cháil ar Raiftearaí as mallachtaí a chur ar dhaoine nár thaitin leis ina chuid filíochta.

Anthony Daly

Nótaí Cabhracha :

Véarsa 2




- Ach, a bhean óg, le mo ré/cuirim éag ar an mbaile a mbeir ann: 'Tá mallacht an fhile ar bhean chéile Cullen le feiceáil arís anseo. Déanann Raiftearaí athrá ar an bhfocal 'éag' faoi dhó. Teastaíonn uaidh codarsnacht a dhéanamh idir bás Anthony Daly agus bás meafarach an bhaile a chur chun báis é.
- Tá an uimhir trí le feiceáil sa mhallacht a chuireann an file ar an mbaile. Teastaíonn uaidh go dtiocfaidh tinneas nó 'aicíd' ar chách, go mbeidh 'éag' nó 'bás' i ndán dóibh siúd a chuir Daly chun báis agus go mbeidh 'tuile' nó tuilte ann agus go mbeidh gach rud faoi uisce gan fás ná forbairt.
- Labhraíonn an file go díreach le Dia a rá nach 'peaca ar bith an méid sin' a rá toisc gur fhág fealltóirí Daly 'a ghaolta ag gol is a chlann'. Tá díoltas á bhaint amach ag an bhfile ar son Daly leis an dán seo, é ag cur mallachta orthu agus á n-ainmniú go poiblí le go mbeidh a fhios ag gach duine céard a tharla agus cé a rinne an gníomh danartha.



Anthony Daly

Nótaí Cabhracha :

Véarsa 3




- Tá uaim le feiceáil sa chéad véarsa 'Is maith díoltas Dé'.
- Creideann an file sa mhaitheas agus san olc. Creideann se go bhfuil praghas le híoc acu siúd a bhíonn ag peacú.
- Ainmníonn an file 'an dá Shéimín' a 'shocraigh an pleán' chun Daly a chur chun báis sa véarsa seo. James Hardiman Burke agus James Daly atá i gceist ansin. Séamus an Ghaeilge ar James. Tá díspeagadh anseo le 'ín' curtha aige le Séamus ie Séimín. Tá sé ag déanamh ceap magaidh do na fir uaisle sin anseo.
- Sioscadh le feiceáil anseo 'le scéim a shocraigh an pleán' = cuireann sin moill leis an líne le go stopfaidh tú agus go dtuigfidh tú gur sliomadóirí iad an bheirt a chuir Anthony Daly chun báis.
- Cuireann an file lena mhallacht ag deireadh an véarsa seo ag guí go mbeidh bás i ndán dóibh siúd a chroch Anthony Daly agus go mbeidh droch-chríoch ag gach duine a bhaineann lena fhealltóirí.




Anthony Daly

Nótaí Cabhracha :

Véarsa 4




- Tá imeartas focal le feiceáil anseo: ‘[ó] síneadh do ghéaga,/tá an t-aer ina mhoirt os ár gcionn’. Cosúil le hÍosa Críost, ar síneadh a ghéaga ar an gcrois, síneadh géaga Anthony Daly sa chré. Anuas air sin, tá an t-aer ‘ina mhoirt’. Ciallaíonn sin trom sa Ghaeilge ach is imeartas focal é ar ‘mort’ na Laidine a chiallaíonn marbh. Tá an t-aer marbh, tá gach rud marbh ó cuireadh Anthony Daly chun báis. Is meafar é sin.
- Tá na héisc marbh, tá an talamh gan mhaith. Tá gach rud reoite, feoite agus marbh anois.
- Tá pearsantú déanta ar na ‘héanlaith’ nach ‘labhrann go binn’ anois toisc go bhfuil gach rud as riocht. Is siomblachas atá i meath an nádúir do mheath an phobail ó cailleadh Daly agus ó rinneadh feall air.
- Athrá arís ar ‘éag’ ag deireadh an véarsa seo ‘go héag ní thig toradh ar chrainn’. Tá deireadh le fás agus le rotha mór an tsaoil. Tá an saol stoite anois.




Anthony Daly

Nótaí Cabhracha :

Véarsa 5




- Is ‘fíréan’ é Anthony Daly. Déanann an file Anthony Daly a mholadh anseo, á chur i gcomparáid leo siúd a chroch é. Fear uasal é ‘nár umhlaigh is nár ísligh do Ghail’. Ní dhearna sé feall ar dhuine ar bith eile murab ionann agus iad siúd a sceith air. Tá imeartas focail anseo arís. Is fíor fhear é Daly nó ‘fíréan’. Tá fírinne agus macántacht Daly á cur i gcomparáid le feall agus bréaga na nGall.
- Cuireann an file béim arís ar uaisleacht agus ar naofacht Daly agus é ag úsáid an tuisil ghairmigh ‘a Mhic Dé’. Ar nós Íosa Críost a fuair bás ar son an domhain, fuair Anthony Daly bás ar son na nGael. Deir Raiftearaí go raibh sé ‘ina Ghael mhaith’. Is moladh thar na bearta é seo ó Raiftearaí, níl aon rud níos fearr ná bheith i do Ghael dílis agus macánta.
- Tá uaim le feiceáil arís ag deireadh an véarsa seo. ‘[N]íor chlaon sé a cheann/is gur teann mionnaí éithigh/a chroch Daly agus neart chlanna Gall.’ Tá béim á leagan ag Raiftearaí ar bhréaga agus ar mhailís na bhfealltóirí le fuaim chrua ‘c’.



Anthony Daly

Nótaí Cabhracha :

Véarsa 6




- ‘Tá na páipéir seo in airde/agus is gearr go leagtar iad anuas’. Tá an dán cumtha anois ag Raiftearáí, ina bhfuil fírinne an scéil anois ach tuigeann sé go gcuirfear bac air agus go ndéanfar an dán a chur faoi chois ag na Gall.
- Tá guí an fhile arís anseo, go dtiocfaidh an lá go mbeidh deireadh leo agus lena mbréaga lofa fealltacha. Tá uaim in úsáid anseo le béim a leagan ar mhallacht an fhile, ‘go mbeidh orthu rása agus ruaig’. Teastaíonn uaidh fáil réidh le ‘gach uile mhac máthar’ atá sa tír i gcoinne thoil na ndaoine.

Véarsa 7

- Tá pearsantacht Raiftearaí le feiceáil anseo go láidir sa véarsa deireanach. Leagann sé béim ar a leochailleacht agus ar a easpa féin. ‘Dá mbeinnse i mo chléireach/lách éadrom aigeanta ar pheann’. Fear bocht, dall gan dídean a bhí i Raiftearaí. Níl uaisleacht ná stádas ag baint lena ghlór. Tuigeann sé sin. Dá mbeadh, bheadh sé in ann dán níos uaisle agus níos deisbhéalaí a chumadh chun Anthony Daly a cheiliúradh agus a chomóradh. Tuigeann an file go bhfuil a dhán lán le nimh agus le fearg.
- Bheadh tréithe uaisle Anthony Daly breactha síos go deo ar chloch aige seachas ar pháipéar mar atá anois ionas go mbeadh a scéal ar eolas ag gach duine agus ar eolas acu go deo. Níor cheart dearmad a dhéanamh ar Anthony Daly a d’éag ‘i gCaisleán Suí Finn.’ Fuair sé bás in áit a bhfuil Caisleán ar nós Dé nó Rí...mar ba dhual dó. Rí na nGael é Daly cosúil le Rí an tSaoil, Dia.

Anthony Daly

Na Carachtair sa Dán



Anthony Daly

- Ceannaire áitiúil ar na Buachaillí Bána i ndeisceart na Gaillimhe. Rinneadh feall uafásach air. Cuireadh ina leith gur ionsaigh sé teach Patrick Cullen. Crochadh é ar an 8 Aibreán i gCnoc Suí Finn i nGaillimh.

Raiftearaí (an file a chum an dán seo)

- Ba as Coillte Mach i gcontae Mhaigh Eo dó. Thoilg sé an bholgach agus é ina bhuachaill óg agus chaill sé radharc na súl dá bharr. Chaith Raiftearaí tréimhsí fada dá shaol i ndeisceart na Gaillimhe. Chum sé a lán dánta. Bhí cuid de na dánta an-cháinteach faoi lucht an tsaibhris in Éirinn ag an am. Bhí Raiftearaí an-bháúil le cosmhuintir na hÉireann, go háirithe leo siúd a bhí beo bocht.

Patrick Cullen

- Coimisinéir cánach a bhí ann a raibh cónaí air i nGaillimh. Is cosúil go raibh ról fealltach aige i gciontú agus i ndaoradh chun báis Anthony Daly.

James Hardiman Burke

- Tiarna talún áitiúil a bhí ann. Bhí cónaí air i dteach mór groí darbh ainm St Clerans, a bhí suite i gCreachmhaoil i nGaillimh. Scaoileadh piléar leis oíche amháin agus é ag teacht abhaile tar éis dó cuairt a thabhairt ar chara leis, James Daly. Tháinig sé slán as an ionsaí. Duine faltanasach a bhí ann áfach agus theastaigh uaidh díoltas a bhaint amach ar lucht a ionsaithe.

James Daly

- Tiarna talún áitiúil eile i ndeisceart na Gaillimhe a bhí ann. Bhí teach mór aige i nDún Sandail, baile fearainn gar do Bhaile Locha Riach i nGaillimh.

Na Buachaillí Bána

- Eagraíocht rúnda talmhaíochta a tháinig ar an bhfód in Éirinn sa dara leath den ochtú haois déag a bhí iontu. Ba i gcúige Mumhan agus i ndeisceart chúige Laighean ba láidre iad ach bhí craobhacha éagsúla den eagraíocht ann ar fud na hÉireann ar fad. Theastaigh uathu cearta na dtionóntaí in Éirinn a chosaint agus a neartú. Ní raibh aon drogall orthu foréigean a úsáid chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.

Anthony Daly

Cúlra Stairiúil an Dáin



Tréimhse chorraitheach agus mhíshuaimhneach i stair na hÉireann ba ea tús an naoú an haoise déag. Ba í an Bhreatain a bhí i bhfeighil ar Éirinn. Bhí talamh na hÉireann ar fad nach mór i seilbh dream fíorbheag de thiarnaí talún. Chaith cuid de na tiarnaí talún go dona lena gcuid tionóntaí. Lorg siad cíósanna arda a raibh an-deacrachtaí ag na tionóntaí iad a íoc. Nuair nár íocadh na cíósanna ní raibh drogall ar bith ag roinnt tiarnaí talún na tionóntaí agus a gclanna a ruaigeadh óna mbotháin bheaga. Ní mó ná sásta a bhí cuid den chosmhuintir in Éirinn faoi chumhacht agus iompar na dtiarnaí talún agus mar sin bunaíodh eagraíochtaí rúnda talmhaíochta leis an bhfód a sheasamh in aghaidh na dtiarnaí talún agus na ndaoine a bhí ag obair ar a son.

Ceann de na heagraíochtaí rúnda talmhaíochta seo ba ea na Buachaillí Bána. Dhéanadh na Buachaillí Bána an saol deacair do na tiarnaí talún. Cuir i gcás, spreagaidís na tionóntaí gan a gcíósanna a íoc, chuiridís páirceanna na dtiarna talún as riocht agus d'ionsaídís tithe móra galánta na dtiarnaí talún. Ba bhall de na Buachaillí Bána é Anthony Daly. Go deimhin, ba cheannaire é san eagraíocht i ndeisceart na Gaillimhe, is cosúil. I mí Feabhra na bliana 1820, rinneadh ionsaí ar Patrick Cullen inGaillimh. Coimisinéir cánach a bhí i Patrick Cullen. Mhionnaigh duine dá shearbhóntaí Cullen go bhfacthas Anthony Daly i measc lucht ionsaithe an tí.

Thart ar dhá mhí níos déanaí an bhliain sin, scaoileadh piléar le tiarna talún as Creach Mhaoil i nGaillimh, James Hardiman Burke. Bhí sé ag filleadh abhaile tar éis dó cuairt a thabhairt ar thiarna talún áitiúil eile, James Daly. Níor gortaíodh Burke san eachtra lámhaigh seo. De réir seanchas na háite áfach d'oibrigh Burke agus Daly i gcomhair le chéile agus chum siad bréag mhailíseach gurbh é Anthony Daly a scaoil le Burke. Cuireadh Daly ar a thriail agus fuarthas ciontach é. Crochadh é ag Cnoc Suí Finn é i mí Aibreán 1820. Chum Antaine Ó Raiftearaí dán moltach in onóir don Dálach. Ceaptar go raibh an file i láthair ag crochadh Anthony Daly agus go ndeachaigh sé i bhfeidhm go mór air. Chaith Raiftearaí an-chuid ama i ndeisceart na Gaillimhe trátha an ama ar crochadh Anthony Daly.